Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**11014/24**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0145(NLE)**

**AELE 60**
**FL 37**
**ISL 34**
**MI 603**
**N 50**
**SAN 338**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Meitheamh 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 241 final - Iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Phrótacal 31 (maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse) agus ar Phrótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE (Bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 241 final - Iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: COM(2024) 241 final - Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.6.2024
COM(2024) 241 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Phrótacal 31 (maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse) agus ar Phrótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte)**

# IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Prótacal 31 (maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE,**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun go gcumhdófar Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE[1].

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 31 agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeifear in ann an comhar leathnaithe sin a chur ar bun,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhleasc 9 (Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Airteagal 16 de Phrótacal 31:

'32022 R 2371: Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022. lch. 26).

Beidh Stáit CSTE rannpháirteach go hiomlán sa Choiste Slándála Sláinte agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag Ballstáit an Aontais, cé is moite den cheart vótála.

De bhua Airteagal 79(3) den Chomhaontú, beidh feidhm ag Cuid VII (Forálacha Institiúideacha) den Chomhaontú, cé is moite de Ranna 1 agus 2 de Chaibidil 3, maidir leis an bhfleasc seo.'

*Airteagal 2*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i bPrótacal 37 a ghabhann leis an gComhaontú:

'49. An Coiste Slándála Sláinte (Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).'

---

[1] IO L 314, 6.12.2022, lch. 26.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE*.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, [...].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*[…]*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
*[…]*

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]